

Plean Teanga

Gaeltacht na nDéise

Straitéis



Gaelainn 2010

Bealtaine 2008



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe
agus Gaeltachta**
*Department of Community, Rural
and Gaeltacht Affairs*

Comhlacht Forbartha na nDéise

Ár gCuspóir

Pobal labhartha Gaelainne na nDéise a bhuanú agus a fhorbairt ó thaobh úsáid na teanga de.

Deis a thabhairt do dhaoine atá ag bogadh isteach sa cheantar an teanga a fhoghlaim agus a úsáid.

Mór-Aidhmeanna

**Bun-sheirbhísí a
bheith ar fail trí
mhéan na Gaelainne**

**Bonneagar
Tacaíochta Teanga
a fhorbairt**

**Timpeallacht
Ghaelainne a
threisiú**

**Fostaíocht agus
Fiontair a bhunú ar
an teanga**

**Cumas
cumarsáide na
hóige a fhorbairt**

**Forbairt teanga i
measc daoine fásta**

Tús Pointe

Suirbhé Teanga a dhéanamh ar staid na Gaelainne sa cheantar	Aibreán - Bealtaine 2006
Anailís a dhéanamh ar an Suirbhé Teanga	Eanair 2007
Suirbhé Teanga a Fhoilsiú	Meán Fómhair 2007
Bainisteoir Teanga a fhostú	Eanair 2008
Coiste Stiúrtha a chur le chéile le ionadaíocht ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Coiste Gaelainn 2010	Bealtaine 2008
Dréacht den Plean Teanga a chur le chéile atá bunaithe ar an Suirbhé Teanga	Bealtaine 2008
Oíche oscailte a eagrú chun an Plean Teanga a phlé go hoscailte leis an bpobal	Meitheamh 2008
An Plean Teanga a fhoilsiú	Lúnasa 2008

Bonneagar Tacaíochta Teanga a fhorbairt

1.

Ranganna Gaelainne a chur ar fáil ar gach leibhéal agus ar bhonn leanúnach

Conas?	Cathain?
Cuirfear ranganna Gaelainn ar fáil sa cheantar	Meán Fómhair 2006 ar aghaidh
Deanfar fógraíocht maidir le ranganna nua trí na nuachtáin, an raidió, fógraí sna siopaí, srl	Eanáir 2008 agus Iúil 2008 ar aghaidh
Déanfar liostaí de Múinteoirí agus Foghlaimoirí sa cheantar agus an leibhéal ranga gur mian leo freastal ar nó a mhúineadh	Márta – Lúnasa 2008
Cuirfear féilire ranganna ar fáil le TEG A1, A2/B1 agus Dioplóma sa Ghaeilge san áireamh	Meán Fómhair 2008 ar aghaidh
Tabharfar tacaíocht chun ranganna nó ceardlanna do thuismitheoirí gur mian leo Gaeilge a labhairt lena bpáistí a chur ar siúl	Aibreán 2008
Tabharfar tacaíocht don Club Cúpla Focail agus Oíche Caidreamh na mBan sa Sean Phobal agus chun breis deiseanna dá leithéid a fhorbairt	Márta 2008 ar aghaidh

2.

Deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí agus páistí gníomhaíocht trí Ghaeilinn le chéile

Conas?	Cathain?
Eagrófar Ceardlanna Cócaireachta faoi dhó sa bhliain do thuismitheoirí agus páistí	Bealtaine 2008
Déanfar fiosrúchán i measc an phobail maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí eile a bheadh spéis acu iontu	Lúnasa 2008

Eagrófar Ceardlanna Adhmadóireachta do thuismitheoirí agus páistí	Eanair 2009
Eagrófar a thuilleadh ceardlanna difriúla ag braith ar éileamh	Eanair 2009 ar aghaidh
Cuirfear tacaíocht ar fáil chun Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanbh a fhorbairt sa Rinn agus sa Sean Phobal chun deis a thabhairt do pháistí óga agus a dtuismitheoirí teacht le chéile trí Ghaelainn.	Feabhra 2008 ar aghaidh

3.

Nuachtlitir a fhoilsiú go rialta chun go mbeadh a fhios ag daoine céard atá ar siúl nó ar fáil sa cheantar

Conas?

Cathain?

Baileofar eolas agus grianghraif maidir le imeachtaí éagsúla sa cheantar	Márta 2008 ar aghaidh
Cuirfear nuachtlitir ar fáil trí uair sa bhliain	Bealtaine 2008 ar aghaidh
Cuirfear cóipeanna ar fáil tríd na siopaí, na tithe tabhairne áitiúla, na Séipéil agus ar an idirlíon www.deise.ie	Bealtaine 2008 ar aghaidh

4.

Ceardlanna saibhris agus fheasacht teanga a chur ar fáil dóibh siúd go bhfuil Gaeluinn líofa acu

Conas?

Cathain?

Déanfar teagmháil le filí, scríbhneoirí, scéalaithe, amhránaithe, srl sa cheantar maidir le ceardlanna a chur ar fáil	Bealtaine 2008 ar aghaidh
Tabharfar tacaíocht do Dúthaigh Geal Déise 2 chun ceardlanna saibhris, feasacht Gaelainne agus cultúrtha a chur ar siúl ar a laghad faoi dhó sa bhliain	Meán Fomhair 2008 ar aghaidh
Leanfar ag cur tacaíochta ar fáil do cheardlanna amhránaíochta Sean Nós Beo chun leanúint ar aghaidh uair sa mhí	Eanair 2008 ar aghaidh

Tabharfar tacaíocht do Dúthaigh Geal Déise 2 suíomh idirlíon a chruthú mar áis thagartha dóibh siúd ar suim leo amhráin a fhoghlaim.	Eanáir 2008 ar aghaidh
--	------------------------

5.

Ionad Oideachais Ghaelainne a bhunú

Conas?

Cathain?

Déanfar teagmháil le lonaid den chineál céanna timpeall na tire.	Deireadh Fómhair 2008
Tabharfar cuairt ar a leithéid de áiseanna chun a thuilleadh eolais a fháil.	Nollag 2008
Déanfar cinneadh maidir leis na háiseanna nó na struchtúir a bheas oiriúnach do Gaeltacht na nDéise.	Feabhra 2009
Déanfar fiosrúchain maidir le suíomh / suíomhanna a bheadh oiriúnach agus ar fáil chun Ionad Oideachais Ghaelainne a bhunú	Meitheamh 2009
Déanfar teagmháil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus eagraíochtaí Gaeilge eile maidir le maoiniú a fháil.	Meán Fómhair 2009

Bun-sheirbhísí a bheith ar fáil trí mhéan na Gaelainne

1.

Scéim thacaíochta/cuairt baile a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógaint páistí trí mheán na Gaelainne

Conas?

Cathain?

Déanfar fiosrúchain agus teagmháil maidir le scéimeanna den chineál seo timpeall na tire	Nollag 2008
Déanfar teagmháil le saineolaithe in Éirinn agus thar lear maidir le conas is fearr scéim den chineál seo a chur i bhfeidhm go héifeachtúil	Eanáir 2009

Déanfar cinneadh maidir le structúir na seirbhíse seo bunaithe ar an eolas atá bailithe	Márta 2009
Déanfar iarratais i dtaobh maoinithe maidir leis an scéim seo	Bealtaine 2009
Cuirfear an scéim tacaíochta teaghlaigh ar bun	Eanair 2010

2.

Ionad tacaíochta teaghlaigh - siopa aon stad a bhunú

Conas?

Conas?	Cathain?
Tabharfar tacaíocht do ghrúpaí sa cheantar seirbhísí sláinte nó tacaíochta teaghlaigh ar nós Naíonraí, Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanbh, Clinic Sláinte Leanbh, Seirbhís Iarscoile, srl a fhorbairt, a bhunú, agus a leathnú	Feabhra 2008 ar aghaidh
Déanfar teagmháil le ionadaithe ón FSS agus na hEaglais áitiúla maidir leis an aidhm seo	Deireadh Fómhair 2008
Iarrfar agus glacfar le tuairimí ón bpobal maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh	Eanair 2009
Déanfar cinneadh maidir leis an structúr is oiriúnaí don seirbhís seo, ag tagairt do na h-áiseanna atá ar fáil sa cheantar cheana féin	Feabhra 2009
Déanfar iarratais i dtaobh maoinithe maidir leis an scéim seo	Márta 2009
Cuirfear an scéim tacaíochta teaghlaigh ar bun	Eanair 2010

3.

Oiliúnt a chur ar fáil d'fhostaithe na seirbhísí uile go háitiúil plé go tuisceanach le daoine ar bheagán Gaelainne chun iad a spreagadh chun í a úsáid.

Conas?

Cathain?

Rachfar i dteagmháil le eagraíochtaí Gaeilge agus leis na Gaeltachtaí eile maidir leis an réimse oiliúna atá ar fáil nó in úsáid in áiteanna eile.	Deireadh Fómhair 2008
Déanfar teagmháil leis na seirbhísí uile go háitiúil maidir leis an gcineál oiliúint atá ag teastáil uathu	Eanáir 2009
Cuirfear oiliúint cuí ar fáil	Meán Fómhair 2009 ar aghaidh

4.

Oiliúnt a chur ar fáil d'fhostaithe na seirbhísí uile go háitiúil chun tacú leo seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaelainn

Conas?

Cathain?

Scaipfear eolas maidir le cúrsaí Skillnet	Aibreán 2008
Eagrófar cúrsaí agus cuirfear oiliúint ar fáil mar ata uathu	Bealtaine 2008
Déanfar teagmháil leis na seirbhísí poiblí uile atá ag feidhmiú sa cheantar ar nós an FSS, Gardaí, Comhairle Contae, srl ag fiosrú maidir leis an gcabhair atá ag teastáil uathu chun tacú leo seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaelainn	Meán Fómhair 2009 ar aghaidh
Déanfar teagmháil leis na seirbhísí príomháideacha uile atá ag feidhmiú sa cheantar, srl ag fiosrú maidir leis an gcabhair atá ag teastáil uathu chun tacú leo chun seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaelainn	Samhain 2009
Déanfar fiosrúchán maidir leis na seirbhísí atá ar fáil cheana agus déanfar	Eanáir 2010

cinneadh maidir leis na seirbhísí gur gá a fhorbairt chun tacú leo seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilinn	
Cuirfear féilire ranganna agus áiseanna le chéile do na seirbhísí uile	Márta 2010

Fostaíocht agus Fiontair a bhunú ar an teanga

1.

Tacú le breis tionscal teanga-bhunaithe a bhunú sa cheantar

Conas?	Cathain?
Leanfar ag tacú leis na tionscail teanga- bhunaithe atá sa cheantar cheana féin.	Márta 2008
Tabharfar cabhair dóibh siúd gur mhaith leo tionscail atá teanga-bhunaithe a bhunú chun deontaisí a bhaint amach.	Márta 2008 ar aghaidh
Tabharfar cabhair do thionscail nua bolscaireacht a dhéanamh sa cheantar tríd an Nuachtlitir, na nuachtáin áitiúil, www.deise.ie , raidió, srl.	Bealtaine 2008
Déanfar suirbhé i measc cainteoirí dúchasacha ón gceantar nach bhfuil cónaí orthu i nGaeltacht na nDéise leis na cáilíochtaí/scileanna atá acu a dheimhniú agus ag fiosrú an mbeadh fonn orthu bogadh abhaile.	Nollag 2008
Cuirfear tuarascáil le chéile ag cur síos ar na cinneálacha tionscail a bheadh oiriúnach chun a bheith freagrach don réimse scileanna atá luaite sa suirbhé agus chun na daoine sin a mhealladh abhaile	Bealtaine 2009
Scaipfear an t-eolas seo trí FÁS, www.deise.ie , na nuachtáin áitiúla, raidió, srl chun daoine a mhealladh chun tionscail nua atá teanga – bhunaithe a chur ar fáil sa cheantar.	Bealtaine 2009

Timpeallacht Gaelainne a Threisiú

1.

Comharthaí bóithre a bheith ar an N25, a fhearfadh fáilte roimh daoine go Gaeltacht na nDéise agus a ghríosfadh daoine chun Gaelainn a labhairt le muintir na háite.

Conas?

Rachfar i dteagmháil agus déanfar comhoibriú le Comhairle Contae Phort Láirge maidir leis an aidhm seo a bhaint amach.

Cathain?

Bainte amach i 2006

2.

Gach comhartha eolais ar bhóithre an pharóiste a bheith as Gaelainn

Conas?

Rachfar i dteagmháil agus deanfar comhoibriú le Comhairle Contae Phort Láirge maidir leis an aidhm seo a bhaint amach

Cathain?

Bealtaine 2008 ar aghaidh

3.

Cláracha, fógraí agus comharthaí ag gnóthaí áitiúla a bheith as Gaelainn nó dhá-theangach

Conas?

Déanfar teagmháil le Foras na Gaeilge agus leis na h-eagraíochtaí Gaeilge eile maidir leis na deontaisí nó an chabhair atá ar fáil do dhaoine ar mhíán leo comhartha eolais, nó gnéithe eile den ghnó acu a bheith as Gaelainn.

Cathain?

Aibreán 2008

Déanfar teagmháil le lucht gnó áitiúil agus le gníomhairí eastáit, tógálaithe tithe, srl a bhíonn i mbun gnó ó am go h-am sa cheantar maidir le cláracha, fógraí agus comharthaí ag gnóthaí áitiúla a bheith i nGaelainn nó dhá-theangach agus an t-eolas a scaipeadh maidir leis an

Bealtaine 2008 ar aghaidh

maoiniú atá ar fáil.	
Déanfar comhoibrú leis an Oifigeach Gaeilge i gComhairle Contae Phort Láirge maidir leis seo	Bealtaine 2008 ar aghaidh

4.

Tacú le Seirbhísí Aistriúcháin Scríofa a chur ar fáil

Conas?

Cathain?

Déanfar teagmháil le daoine a bhfuil na scileanna seo acu, nó atá i mbun na hoibre seo cheana sa cheantar.	Eanáir 2009
Tabharfar tacaíocht do dhaoine gur mhaith leo Seirbhísí Scríofa a chur ar fáil, trí cabhrú leo deontaisí a bhaint amach, bolscaireacht a dhéanamh, srl	Márta 2009
Scaipfear eolas i measc lucht gnó, coistí áitiúla, agus tríd an Nuachtlitir, www.deise.ie maidir leis na seirbhísí atá ar fáil	Bealtaine 2009

5.

Seirbhísí Aistriúcháin Comh-uaineach a bheith ar fáil

Conas?

Cathain?

Déanfar teagmháil le daoine a bhfuil scilleanna aistriúcháin acu, nó atá i mbun na hoibre seo cheana féin sa cheantar.	Bainte amach 2007
Déanfar teagmháil le Údarás na Gaeltachta maidir le trealamh aistriúcháin a chur ar fáil don cheantar	Bainte amach 2007
Scaipfear eolas maidir leis an trealamh aistriúcháin i measc coistí áitiúla, tríd na nuachtáin áitiúla, an Nuachtlitir, www.deise.ie	Feabhra 2008

Déanfar teagmháil le Údarás na Gaeltachta maidir le maoiniú a dhéanamh ar an seirbhís seo do chruinnithe cinn bhliana nó cruinnithe móra oscailte sa cheantar	Bealtaine 2008
---	----------------

6.

imeachtaí na Eaglaise a bheith reachtáilte as Gaelainn sa cheantar

Conas?	Cathain?
Déanfar teagmháil leis an Sagart Paróiste Caitliceach maidir le ceist na Gaelainne agus a h-áit i saol na hEaglaise a phlé, agus iarfar air an tAifreann agus searmanais eaglasta a chur ar fáil as Gaelainn sa dá Séipéal sa cheantar.	Bealtaine 2008
Cuirfear cabhair agus tacaíocht ar fáil chun maoiniú a bhaint amach chun bileoga eolais, bileoga Aifrinn, agus foirmeacha eaglasta a chur ar fáil as Gaelainn	Iúil 2008

7.

Suímh idirlín a chruthú agus a riaradh

Conas?	Cathain?
Crothófar suímh idirlín dhá-theangach chun eolas maidir leis an gceantar a scaipeadh agus a bheith mar phointe teagmhála lárnaigh don phobal	Bainte amach 2006
Cuirfear eolas nua in airde ar an suímh go míosúil	2006 ar aghaidh
Déanfar ath-choiriú agus leathnú amach ar an suímh len é a thabhairt suas chun dáta	Meán Fómhair 2008
Cuirfear eolas nua in airde ar an suímh go seachtainiúil le cinntiú go bhfuil an t-eolas suas chun dáta agus cruinn	Meán Fómhair 2008
Tabharfar tacaíocht do Dúthaigh Geal Déise 2 suímh idirlín a chruthú mar áis thagartha dóibh siúd ar suim leo amhráin a fhoghlaim.	Eanáir 2008 ar aghaidh

Cruthófar nasc idir suíomh idirlíon Dúthaigh Geal Déise agus www.deise.ie nuair a bheidh an dá cheann críochnaithe / suas chun dáta	Eanáir 2009
---	-------------

8.

Nasc cultúrtha a chruthú le pobal ón mBreatain Bheag nó ón Albain

Conas?

Déanfar fiosruchán i measc pobal ón mBreatain Bheag nó ón Albain, féachaint an mbeadh suim ag aon cheann acu nasc a chruthú linn.

Déanfar teagmháil le Comhairle Contae Phort Láirge maidir le tacaíocht agus aitheantas oifigiúil a thabhairt don nasc seo.

Eagrófar cuairt ar an nasc-phobal

Tabharfar cuireadh don nasc-phobal cuairt a thabhairt ar Ghaeltacht na nDéise agus freastal ar Thionól an Fhómhair sa Sean Phobal, Tionól Ceoil na Rinne, nó ócáid eile den chineál sin

Cathain?

Eanáir 2010

Márta 2010

Bealtaine 2010

Meán Fómhair 2010

Cumas Cumarsáide na hÓige a Fhorbairt

1.

Tacú leis na clubanna éagsúla spóirt an teanga a chur chun cinn

Conas?

Déanfar teagmháil leis na clubanna spóirt ar fad sa cheantar ag soláthar tacaíochta dóibh, agus ag fiosrú maidir le cén sórt tacaíochta is fearr a d'oirfeadh dóibh chun an Ghaelainn a chur chun cinn ina gclub féin

Glacfar le comhairle ó na clubanna maidir leis seo, agus cuirfear tús le

Cathain?

Meán Fómhair 2009

Deireadh Fómhair 2009

straitéis tacaíochta a fhorbairt leo	
Tosófar leis an straitéis tacaíochta a chur i bhfeidhm	Eanáir 2010

2.

Tacú le imeachtaí agus féilte chun deiseanna a chur ar fáil d'ógánaigh a bheith páirteach sna healaíona

Conas?

Cathain?

Cuirfear cúrsa i scileanna teilifíse ar fáil do dhéagóirí	2007 agus 2009 ar aghaidh
Tabharfar tacaíocht chun Tionól an Fhómhair, Tionól Ceoil na Rinne, agus féilte eile a reachtáil ar bhonn rialta, ag deanamh bolscaireacht, srl	Meán Fómhair 2008
Déanfar suirbhé i measc ógánaigh na háite maidir leis na rudaí gur mhaith leo a bheith ar fáil dóibh	Eanáir 2009
Cuirfear féilire d'imeachtaí ar fáil do óige an cheantair ag braith ar thorthaí an tsuirbhé	Meán Fómhair 2009
Eagrófar Club Drámaíochta do dhéagóirí	Meán Fómhair 2009
Rithfear Scéim na nEalaíon d'ógánaigh an cheantair	Meán Fómhair 2009
Eagrófar Taispáinteas Poiblí chun obair na rannpháirtithe i Scéim na nEalaíon a thaispáint	Bealtaine 2010

3.

Tacú le clubanna na n-óg sa cheantar chun an Ghaeilinn a bhuanú iontu

Conas?

Cathain?

Déanfar teagmháil leis na hóg-chlubanna ar fad sa cheantar ag ofráil tacaíochta, agus ag fiosrú conas is fearr a chabhrófaí leo an Ghaeilinn a chur chun cinn ina gclub féin	Eanáir 2009
Glacfar le comhairle ó na clubanna maidir leis seo, agus cuirfear tús le	Márta 2009

straitéis tacaíochta a chur le chéile leo	
Tosófar leis an straitéis tacaíochta a chur i bhfeidhm	Bealtaine 2009

4.

Ionad Só do dhéagóirí a bhunú

Conas?

Cathain?

Déanfar suirbhé i measc óige na háite maidir leis na háiseanna a bheadh uathu in Ionad Só	Samhain 2007
Déanfar cinneadh ar struchtúr an Ionad Só bunaithe ar an suirbhé	Feabhra 2008
Gheofar Suirbhéar Chainníochta chun pleananna a tharraingt suas agus meastúchán a thabhairt maidir le forbairt an Ionad Só	Aibreán 2008
Loirgeofar meastúchán ó thógálaithe chun a obair a dhéanamh	Bealtaine 2008
Cuirfear iarratas isteach don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun maoiniú a fháil chuige seo	Meitheamh 2008
Tosófar ar fhorbairt an Ionad Só	Meán Fómhair 2008

5.

Tacú le campaí samhraidh / imeachtaí cultúrtha a eagrú chun deiseanna a thabhairt d'ógánaigh an cheantair teacht le chéile tri Ghaelainn

Conas?

Cathain?

Tabharfar tacaíocht chun Campa Seoltóireachta a rith gach samhradh	2007 ar aghaidh
Déanfar teagmháil leis na daoine atá i mbun campaí samhraidh sa cheantar ag tairiscint cabhair fógraíochta dóibh agus chun maoiniú a lorg, más gá	Eanáir 2009
Déanfar teagmháil le healaíontóirí, srl sa cheantar chun iarracht a	Eanáir 2009

dhéanamh breis campaí samhraidh a chur ar bun trí mheán na Gaelainne	
Cuirfear tacaíocht ar fáil chun campaí samhraidh nua a chur ar bun trí maoiniú a lorg agus bolscaireacht a dhéanamh	Feabhra 2009

6.

Tacú le campaí samhraidh / imeachtaí cultúrtha a eagrú chun deiseanna a thabhairt d'ógánaigh an cheantair meascadh le hógánaigh ó cheantair Gaeltachta eile

Conas?

Cathain?

Tabharfar deis d'ógánaigh an cheantair freastal ar Scléip na Nollag (Óige na Gaeltachta) gach bliain	Nollag 2008 ar aghaidh
Tabharfar deis d'ógánaigh an cheantair freastal ar Thionól na Mumhan (Óige na Gaeltachta) gach bliain	Meitheamh 2009 ar aghaidh
Déanfar teagmháil le Óige na Gaeltachta agus leis na campaí samhraidh sa cheantar maidir le campa samhraidh a chruthú chun deis a thabhairt d'ógánaigh an cheantair meascadh le hógánaigh as ceantair Gaeltachta eile	Meán Fómhair 2010
Déanfar teagmháil le clubanna sna Gaeltachtaí eile maidir leis an aidhm seo a bhaint amach agus a tabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach ann	Samhain 2010
Iarrfar maoiniú ó Údarás na Gaeltachta, Roinn Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, srl maidir leis seo	Eanáir 2011
Cuirfear campa samhraidh ar siúl	Lúnasa 2011

7.

Deiseanna a chur ar fáil d'ógánaigh a bheith páirteach sna h-ealaíona

Conas?

Déanfar teagmháil le filí, scríbhneoirí, scéalaithe, amhránaithe, ealaíontóirí, agus ceardaithe an cheantair maidir le deiseanna a chur ar fáil d'ógánaigh na háite a bheith páirteach sna h-ealaíona

Tabharfar tacaíocht chun imeachtaí agus féilte a eagrú go rialta i gcathain na bliana

Cuirfear club drámaíochta d'ógánaigh ar bun

Rithfear Scéim na nEalaíon d'ógánaigh an cheantair

Cathain?

Bealtaine 2009

Meán Fómhair 2009 ar aghaidh

Meán Fómhair 2009

Meán Fómhair 2009

8.

Ceardlanna a bheith ar fáil do ógánaigh chun scileanna idir-phearsanta, cumarsáide, cur i láthair agus féin mhuiníne a fhorbairt

Conas?

Déanfar fiosrúchán i measc ógánaigh an cheantair maidir leis na cineálacha ceardlanna gur mhaith leo a bheith curtha ar bun

Déanfar teagmháil leis an FSS, an Oifgeach Óige sa VEC chun comhairle agus eolas a fháil maidir leis na ceardlanna a chuirfí ar fáil

Iarrfar maoiniu ó Udarás na Gaeltachta, Roinn GPT agus Gaeltachta, an VEC, srl chun na cúrsaí seo a rith

Déanfar bolscaireacht/ fógraíocht i dtaobh na gceardlanna

Cuirfear tús leis na ceardlanna

Cathain?

Eanáir 2010

Márta 2010

Bealtaine 2010

Iúil 2010

Meán Fómhair 2010

9.

Club léitheoireachta a bhunú a bheadh dírithe ar ógánaigh na háite

Conas?	Cathain?
Déanfar fógraíocht sna nuachtain, trí na scoileanna, trí na seirbhísí iarscoile, srl ag lorg daoine a mbeadh suim acu feighlíocht a dhéanamh ar chlub léitheoireachta	Eanáir 2009
Caint le seirbhísí iarscoile, agus leis na scoileanna maidir le club a bhunú mar cheann de na gníomhaíochtaí acu	Márta 2009
Club leabhar a bhunú a bheadh oiriúnach do gach aois-ghrúpa	Aibreán 2009
Maoiniú a lorg ó Foras na Gaeilge, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údaras na Gaeltachta, srl chun club leabhar a eagrú	Bealtaine 2009
Bolscaireacht a dhéanamh maidir leis an gclub leabhar tríd na scoileanna, seirbhísí iarscoile, srl	Meitheamh 2009

Forbairt Teanga i Measc Daoine Fásta

1.

Ócáidí sóisialta a eagrú do dhaoine go dteastaíonn uatha Gaelainn a úsáid

Conas?	Cathain?
Tacú le Club Cairde na nDéise, Ciorcal Comhrá an tSean Phobail, Club Cúpla Focal agus Spraoi (Grúpa Tuismitheoiri agus Leanbh) chun buaileadh le cheile go rialta	Aibreán 2008 ar aghaidh
Fiosrúcháin a dheanamh i measc an phobail maidir leis na cineálacha ócáidí a chuirfí ar bun	Iúil 2009
Féilire imeachtaí sóisialta do dhaoine fásta a chur le chéile	Meán Fómhair 2009
Eagrófar ócáidí sóisialta ar bhonn rialta, 6 uair sa bhliain ar a laghad	Eanáir 2010 ar aghaidh

2.

Eagraíochtaí deonacha na Rinne agus an tSean Phobail a spreagadh chun Gaelainn a labhairt agus a úsáid le linn cruinnithe agus imeachtaí eile acu

Conas?

Conas?	Cathain?
Cuirfear treallamh aistriuchain ar fáil do choistí an cheantair chun cabhrú leo cruinnithe a rith as Gaelainn, fiú má tá daoine gan Gaelainn i láthair	Eanair 2008 ar aghaidh
Déanfar teagmháil leis na heagraíochtaí deonacha ar fad ag lorg comhairle uathu maidir leis an gcabhair ata uathu chun an Ghaelainn (nó níos mó Gaelainne) a úsáid le linn imeachtaí agus cruinnithe	Eanair 2009
Cuirfear tacaíocht ar fáil mar is cuí	Márta 2009
Déanfar teagmháil leis an gComhairle Contae agus le Údaras na Gaeltachta maidir le maoiniú a dhéanamh ar chomórtas chun eagraíochtaí deonacha a spreagadh chun a thuilleadh Gaelainne a úsáid le linn cruinnithe agus imeachtaí	Meitheamh 2009
Cuirfear tús leis an gcomórtas	Meán Fómhair 2009

3.

Cinntiú go mbeadh tithíocht shóisialta agus inacmhaine ar fáil chun deis a thabhairt do dhaoine ón gceantar fillleadh ar an áit

Conas?

Conas?	Cathain?
Déanfar teagmháil le seirbhísí tithíochta, Comhairle Contae Phort Láirge, Údarás na Gaeltachta, srl maidir leis an aidhm seo a bhaint amach	2006 ar aghaidh
Oibreofar chun cumann tithíochta a bhunú	Eanair 2007
Déanfar suíomh nó suíomhanna cuí a aithint	Márta 2007
Déanfar pleananna a tharraingt suas	Eanair 2009
Eagrófar cruinniú poiblí chun na pleananna a phlé	Márta 2009

Cuirfear isteach iarratas pleanála	Meán Fómhair 2009
Déanfar cinneadh maidir le conas is fearr rannlach a dhéanamh	Deireadh Fómhair 2009
Déanfar bolscaireacht le liosta feithimh a chur le chéile	Eanáir 2010

4.

Cinntiú go mbeadh tithíocht shóisialta agus inacmhaine ar fáil, chun deis a thabhairt do dhaoine sa cheantar nach féidir leo tigh a thógaint no a cheannach, fanacht sa cheantar.

Conas?

Conas?	Cathain?
Déanfar teagmháil le seirbhísí tithíochta, Comhairle Contae Phort Láirge, Údarás na Gaeltachta, srl maidir leis an aidhm seo a bhaint amach	2006 ar aghaidh
Oibreofar chun cumann tithíochta a bhunú	Eanáir 2007
Déanfar suíomh nó suíomhanna cuí a aithint	Márta 2007
Deanfar pleananna a tharraingt suas	Eanáir 2009
Eagrófar cruinniú poiblí chun na pleananna a phlé	Márta 2009
Cuirfear isteach iarratas pleanála	Meán Fómhair 2009
Déanfar cinneadh maidir le conas is fearr rannlach a dhéanamh	Deireadh Fómhair 2009
Déanfar bolscaireacht le feithimh a chur le chéile	Eanáir 2010